**1.**

| | |
|---|---|
| cúige | province |
| contae | county |
| Áth Cliath | Dublin (county) |
| Contae Átha Cliath | County Dublin |
| Co. Átha Cliath | Co. Dublin |
| Baile Átha Cliath | Dublin (city) |

| **Laighin** | **Cúige Laighean** | **Leinster** |
|---|---|---|
| Áth Cliath | Co. Átha Cliath | Dublin |
| Ceatharlach | Co. Cheatharlach | Carlow |
| Cill Chainnigh | Co. Chill Chainnigh | Kilkenny |
| Cill Dara | Co. Chill Dara | Kildare |
| Cill Mhantáin | Co. Chill Mhantáin | Wicklow |
| An Iarmhí | Co. na hIarmhí | Westmeath |
| Laois | Co. Laoise | Laois |
| Loch Garman | Co. Loch Garman | Wexford |
| An Longfort | Co. an Longfoirt | Longford |
| Lú | Co. Lú | Louth |
| An Mhí | Co. na Mí | Meath |
| Uíbh Fhailí | Co. Uíbh Fhailí | Offaly |

| **An Mhumhain** | **Cúige Mumhan** | **Munster** |
|---|---|---|
| Ciarraí | Co. Chiarraí | Kerry |
| An Clár | Co. an Chláir | Clare |
| Corcaigh | Co. Chorcaí | Cork |
| Luimneach | Co. Luimnigh | Limerick |
| Port Láirge | Co. Phort Láirge | Waterford |
| Tiobraid Árann | Co. Thiobraid Árann | Tipperary |

| **Connachta** | **Cúige Chonnacht** | **Connaught** |
|---|---|---|
| Gaillimh | Co. na Gaillimhe | Galway |
| Liatroim | Co. Liatroma | Leitrim |
| Maigh Eo | Co. Mhaigh Eo | Mayo |
| Ros Comáin | Co. Ros Comáin | Roscommon |
| Sligeach | Co. Shligigh | Sligo |

| **Ulaidh** | **Cúige Uladh** | **Ulster** |
|---|---|---|
| Aontraim | Co. Aontrama | Antrim |
| Ard Mhacha | Co. Ard Mhacha | Armagh |
| An Cabhán | Co. an Chabháin | Cavan |
| Doire | Co. Dhoire | Derry |
| An Dún | Co. an Dúin | Down |
| Dún na nGall | Co. Dhún na nGall | Donegal |
| Fear Manach | Co. Fhear Manach | Fermanagh |
| Muineachán | Co. Mhuineacháin | Monaghan |
| Tír Eoghain | Co. Thír Eoghain | Tyrone |

**2.**

| | |
|---|---|
| Cén contae ina bhfuil Gleann Dá Loch? | In which county is Glendalough? |
| An bhfuil Caisleán na Blarnan i gCo. Lú? | Is Blarney Castle in Co. Louth? |
| Cad atá le fáil i gCo. an Chláir? | What can be found in Co. Clare? |
| An raibh tú riamh i gCo. na Gaillimhe? | Were you ever in Co. Galway? |
| Ar mhaith leat dul go Carraig Phádraig? | Would you like to go to the Rock of Cashel? |
| Cén contae in Éirinn is fearr leat agus cén fáth? | Which county in Ireland is your favorite and why? |
| An fearr leat bheith sa chathair nó faoin tuath? Cén fáth? | Do you prefer to be in the city or in the countryside? Cén fáth? |
| Arbh fhearr leat dul chuig teach tábhairne nó chuig bialann? Cén fáth? | Would you rather go to a pub or to a restaurant? Why? |

| | ***Comhrá* le Éamon Ó Cuív** | ***Conversation* with Éamon Ó Cuív** |
|---|---|---|
| **1.** | Go mbeannaí Dia dhaoibh agus tá fáilte romhaibh ag clár na seachtaine seo. | God bless you and welcome to this week's program. |
| **2.** | 'Sé an Teachta Dála Éamon Ó Cuív a bheas ag comhrá liom ar an gclár seo anocht. | It's the Member of Parliament Éamon Ó Cuív who will be speaking with me on this program tonight. |
| **3.** | Briain a bhí ar a athair as B'leá Cliath agus Eimear a bhí ar a mháthair, iníon le Éamon de Valera. | His father was Brian from Dublin and his mother was Emer, daughter of Éamon de Valera. |
| **4.** | Bhí sé ag obair leis i mB'leá Cliath i dtús na seachtóidí, ach sa mbliain naoi déag seachtó is a trí (1973) dúirt sé leis féin, an lá seo, „Tógfaidh mé mo sheolta go dúiche Sheoigheach go moch ar maidin." | He was working in Dublin at the beginning of the seventies, but in the year 1973 he said to himself, that day, "I'll set sail for the Joyce Country early in the morning." |
| **5.** | Agus tháinig sé go Corr na Móna agus bhí sé ag obair ansin sa gcomharchumann nó go raibh sé ag plé le polaitíocht sa mbliain naoi déag ochtó is a naoi (1983). | And he came to Cornamona and he was working there in the cooperative until he became involved in politics in the year 1983. |
| **6.** | Céad fáilte romhat, a Éamoin. | Welcome, Éamon. |
| **7.** | Go raibh míle maith agat. | Thank you very much. |
| **8.** | An raibh an jab faighte agat ag teacht anuas mar bhainisteoir ar an gcomharchumann? | Did you get the job when you came up as manager of the cooperative? |
| **9.** | Bhí, ach ní raibh sa gcomharchumann ag an am ach mise, coiste agus trí mhíle go leith punt (£3,500) mar a bhí ag an am, seanphunt mar a déarfá, mar a bhí ag an am. Sa gcomharchumann, b'in é sin sa gcomharchumann. | Yes, but the cooperative at the time was just me, a committee and £3,500 as it was at the time, old pounds as you would say, as it was at the time. The cooperative. That's what the cooperative was. |
| **10.** | Agus tháinig mé, is cuimhin liom teacht anuas agus lá seaca a bhí ann, nó tráthnóna seaca a bhí ann. | And I came, I remember coming up and it was a frosty day, or a frosty evening. |
| **11.** | Agus tháinig mé anuas go Corr na Móna. | And I came up to Cornamona. |
| **12.** | Ach is i halla finéithe a bhí cruinniú do choiste Oíche Chinn Bliana na bliana seachtó a trí (73). | But it was in a hall that there was a committee meeting on New Year's Eve of the year (19)73. |
| **13.** | Agus ar ndóigh lá saoire a bhí sa gcéad lé d'Eanáir agus thosaigh mise ag obair ar an dara lá do Eanáir seachtó a ceathair (74). | And of course it was a holiday on the first day of January and I began working on the second of January of '74. |
| **14.** | Agus ní raibh tada sa gcomharchumann. | And the cooperative was nothing. |
| **15.** | Agus an rud a dúradh liom a dhéanamh ná go rabhadar ag iarraidh ionad ramhrú caorach le haghaidh dhá mhíle (2,000) caorach a thógáil. | And what was said to me to do, that they wanted to build a grazing place for 2,000 sheep. |
| **16.** | Agus sin an chéad togra a bhí againn. | And that was the proposal we had. |

| | **Ceisteanna** | **Questions** |
|---|---|---|
| **1.** | Cad a dhéanann Éamon Ó Cuív? | What does Éamon Ó Cuív do? |
| **2.** | Cé hé seanathair Éamon Ó Cuív? | Who is Éamon Ó Cuív's grandfather? |
| **3.** | Cá raibh Éamon ag obair sna seachtóidí? | Where was Éamon working in the seventies? |
| **4.** | Cá ndeachaigh sé i seachtó a trí? | Where did he go in seventy three? |
| **5.** | Cad a rinne sé i gCorr na Móna? | What did he do in Cornamona? |